

❖ An Lúibín ❖

31 Lúnasa 2024

An ‘Bhreatnacht’ ag meath

Welsh is spoken by only a third of the population of Wales, with only half of those describing themselves as truly fluent. Measures are now proposed to strengthen the language.

In 2021 bhí Breatnais ag 538,300 duine a bhí os cionn trí bliana d’aois nó os a chionn sa Bhreatain Bheag (17.8% den daonra); d’fhág sin nach raibh Breatnais ag trí cheathrú den phobal. Ní dúirt ach beagnach leath na gcainteoirí go raibh an teanga ar a dtoil acu. Tá an chuid is mó díobh le fáil i dtuaisceart agus in iarthar na tíre, cé go bhfuil roinnt éigin cainteoirí líofa in áiteanna eile (Caerdydd, mar shampla).

Tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí i scoileanna lán-Bhreatnaise, agus tá níos mó Breatnaise le feiceáil ar an idirlíon. Tá stádas oifigiúil ag an mBreatnais sa Bhreatain Bheag ó 2011 i leith, stádas nach bhfuil ag an mBéarla féin. Mar sin féin, ní deacair a thuiscint cén fáth a bhfuil imní ar dhaoine faoi mheath na teanga. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún um Lucht Labhartha na Breatnaise cúig mholadh is caoga chun an meath sin a shrianadh.

Ní chuirfidh na moltaí iontas ar aon duine a bhfuil suim aige i neartú na Gaeilge sna dúichí Gaeltachta. Moltar go dtabharfaí aitheantas agus cúnaimh do na ceantair Bhreatnaise is láidre, agus go dtabharfaí an stádas sin d’áiteanna a bhfuil Breatnais ag breis is 40% den phobal. Aithnítear go bhfuil géarchéim tithíochta sna ceantair Bhreatnaise agus gur gá an fhadhb sin a fhuascailt ar son na teanga. Aithnítear chomh maith gur mithid pleanáil teanga a chur ar siúl sna háiteanna a bhfuil an Béarla ag dul i neart.

Is beag rath a bhí ar mholtaí dá leithéid in Éirinn. Tá an Ghaeilge ag meath sa Ghaeltacht i gcónaí, cé gurb é ba chúis leis sin, mórán, gan an gníomh a chur leis an bhfocal. Is lag an rud an t-aitheantas gan seirbhísí gan tithíocht gan phoist.

Is soiléire anois ná riamh go bhfuil slánú na Gaeilge ag brath ar chainteoirí cathrach seachas ar an nGaeltacht, áit a bhfuil formhór na ngnáthchainteoirí meánaosta agus a bhfuil a lán páistí á dtógáil le Béarla. B’fhéidir gurb í an chinniúint chéanna atá roimh an mBreatnais, í ina teanga dhíbhíeo ina ceantair dhúchais agus ina teanga athmhúscaillte i gceantair an Bhéarla. Ach ní beag an comhartha dóchais é go bhfuil céatadán cuíosach ard de chainteoirí dúchais ann fos, céatadán nach bhfuil a leithéid le fáil in Éirinn ach a bhféadfaí leas a bhaint as i dtreisiú déanach na Breatnaise.



Domhandú an Léinn Éireannaigh

Reflections on Irish Studies in a global and transnational perspective: women activists who brought the Irish language with them to America, and the future of transnational Irish literary studies.

Tá éileamh ar an Léann Éireannach Domhanda faoi láthair – na naisc dhifriúla, i gcúrsaí staire agus cultúir, idir na hÉireannaigh sa bhaile agus na hÉireannaigh (nó a sliocht) i gcéin. Ba é sin ab ábhar don *Irish Studies Review* 2024 le ‘The Pasts, Presents and Futures of Transnational and Global Irish Studies’. I measc na ‘Snapshots’ a bhí ann bhí ailt le Síobhra Aiken (School of Arts, English and Languages, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) agus Rónán McDonald (Gerry Higgins Chair of Irish Studies, Ollscoil Melbourne).

Deir Aiken gur gné an-suntasach den stair thrasnáisiúnta na mná gan phósadh a d’imigh leo féin ina dtáinte go Meiriceá idir 1871 agus 1971. Ach is annamh a thugtar aird ar an taobh insneach den imirce i staidéir ar stair dhomhanda. Mar dheoraíocht is mó a chuirtear síos ar an imirce ó Éirinn, ach ní mór aird a thabhairt ar an saoirsiú

a chuir an imirce ar fáil do mhná. Is iomaí foinse eolais air seo atá le fáil anois tríd an digitiú (mar shampla, na cáipéisí imirce a chuir Ollscoil an Gaillimhe ar líne).

Ach tá deacrachtaí móra ann agus taighde á dhéanamh ar ghníomhaithe trasnáisiúnta mná. Is annamh páipéir phearsanta ar marthain, agus is minic a chuirtear bearta na mban i bhfolach le haimneacha pósta nó cleithe. Cuireann rabharta imirce isteach ar sheachadadh an eolais ó ghlúin go glúin, agus ba mhinic a tharraing gníomhaíocht na mban a sáith náire ar a muintir. Bhí sé thar a bheith deacair, mar shampla, teacht ar eolas ar mhná a bhain na Stáit amach tar éis dóibh a bheith páirteach in Éirí Amach na Cásca.

Tá suim ag Aiken i modh taighde ‘that accommodates both the absences within the historical record and the disappointment of the researcher’. Dá gcuirfí níos mó suime sna rudaí a fágadh ar lár i dtaighde trasnáisiúnta, thabharfaí suntas don Ghaeilge a bheith ina teanga dhúchais ag formhór na n-imirceach. Is dócha gur tháinig a oiread is 54% de na himircigh ó dhúichí Gaeilge tar éis an Drochshaoil. I bhfonótaí nó i staidéir ar leith atá eolas ar na mná úd agus ar an nGaeilge féin le fáil; ní bhfaighfeá i mórstaidéir é.

Ba ghníomhaithe iad na himircigh mná sin; iad ina sufraigéidí, ina gceardchumannaigh, ina mbaill de Chonradh na Talún, ina n-oibrithé carthanachta. Reachtáil siad ranganna teanga, bhailigh siad airgead, chuir siad ócáidí ar bun, agus scríobh siad bolscaireacht. Ach is beag léargas a thugann cáipéisí ar úsáid na teanga, agus ní raibh léamh ná scríobh na Gaeilge ag formhór na gcainteoirí.

Tá taighde déanta ag Aiken ar na mná a bhí páirteach i ngluaiseacht na teanga in Springfield in Massachusetts. Orthu sin bhí Aignéis Ní Chuinn, bean a bhfuil eolas uirthi le fáil ar liostaí sintiúsóirí, i dtuairicí, agus sa daonáireamh. Ba chainteoir dúchais í: bhain sí na Stáit amach in 1897 agus ba ghearr gur thosaigh sí ag freastal ar ranganna Gaeilge, áit ar fhoghlaim sí léamh agus scríobh na teanga. Bhí sí ina cailín aimsire, agus chuir sí deontas abhaile le haghaidh Oireachtas na bliana 1898 in Éirinn. Bhí sí ina rúnaí ar chraobh d’eagraíocht teanga agus bhuaileadh sí le cainteoirí Gaeilge ó Holyoke, baile mór a bhí gar do Springfield. Ach is gearr gur imigh sí gan lorg a fhágáil ina diaidh ar na taifid. Conas is féidir (a deir Aiken) stair a scríobh faoi dhaoine a bhfuil tuairisc a mbeatha chomh briste sin?

Deir Aiken gur cuid suntas é an taighde seo toisc go gcaitheann sé amhras ar chumas na gcartlann institiúide insint na staire a shocrú. Ní foláir aird a tharraingt ar ar fágadh ar lár agus dul i ngleic le stair nach bhfuil ‘iomlán’ chun staidéir trasnáisiúnta ar Éirinn agus ar Éireannaigh thar lear a thuiscint.

Cuireann Rónán an cheist seo: ‘Where now for transnational Irish literary studies?’. Má thosaímid ag scrúdú litríocht náisiúnta ar bhealach trasnáisiúnta, ní thig linn í a fheiceáil ina dhiaidh sin ar aon bhealach eile. Nochtann sé rud a bhí ann riamh – an taobh idirnáisiúnta agus coibhneasta de litríochtaí náisiúnta. Deir na teoiricithe go raibh baint ag borradh an mheoin náisiúnta leis an meon idirnáisiúnta san 18ú haois, rud a bhain le méadú na litearthachta agus le taisteal. In Éirinn féin, b’fhada daoine ag teacht thar tír isteach agus dul thar tír amach; tháinig smaointe nua isteach, chuaigh misinéirí amach, agus bhí baint ag Éirinn le lárionaid Chaitliceacha ar an mór-roinn i rith an Reifirméisin. Ina theannta sin, chuaigh an nua-aoiseachas i bhfeidhm ar scríbhneoirí. Agus, ar ndóigh, tá gréasán leathan Éireannach ann thar sáile atá i dteagmháil le hÉirinn.

Luann McDonald leabhar le Pascale Casanova, *La République mondiale des Lettres* (ar cuireadh Béarla air mar *The World Republic of Letters* in 2004). Cuireann Casanova síos ar neamhchothroime na cumhachta agus an ghradaim liteartha, agus ar conas a thugann lárionad liteartha aitheantas do litríochtaí náisiúnta agus do scríbhneoirí ar leith de réir a ndúchais. Ach in áit an litríocht a mheas mar chomhartha náisiúnta laistigh de theorainneacha socra, is cóir í a mheas mar rud atá á fháscadh as geilleagar cultúrtha agus as modhanna tuisceana laistigh de réimse liteartha domhanda.

Aithníonn McDonald na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí nua. Is féidir leo athrú iomlán a dhéanamh ar an léann Éireannach tríd an léargas a thabharfar ar Éirinn agus ar an Éireannachas agus iad á gcur in iúl i gcoibhneas a chéile agus i gcoibhneas an domhain mhóir.



An Ceasnachadh / An Ceistiú

A film in Scottish Gaelic about the surreptitious removal of Scotland's coronation stone (An Lia Fáil) from Westminster Abbey in 1950.

Lá Nollag in 1950 d'fhuadaigh ceathrar mac léinn Lia Fáil na hAlban ó Mhainistir Westminster chun é a thabhairt ar ais go dtí a thír dhúchais, tar éis do na Sasanaigh é a thabhairt abhaile leo sa 13ú haois mar chloch chorónaithe. Bhí Kay Matheson, cainteoir Gaeilge, ar an gceathrar sin, agus in 2000 rinne an BBC scannán fúithi agus í á ceistiú ag na póilíní ag an am.

An Ceasnachadh

<https://www.youtube.com/watch?v=HNJgudcRi64>



Cúrsaí timpeallachta

Fadhb fuíoll fuinnimh

Humans generate ever more energy. With it comes excess heat, not to be confused with warming linked to greenhouse gases.

In alt an-suimiúil le Mark Buchanan, fisicí agus scríbhneoir eolaíochta, taispeánann sé go bhfuil fadhb ann nach dtarraingítear morán airde uirthi – fuinneamh fuíll.¹ Ní mór an fhadhb í fós i gcomórtas le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, ach is féidir léi dul in olcas.

Níl aon fhuinneamh a mbaineann daoine feidhm as (i monarchana, i ngluaisteáin agus in eitleáin, i leictreoinic agus mar théamh) nach bhfágтар faoi dheireadh mar theas sa timpeallacht. Téann an chuid is mó de isteach sa timpeallacht gan mhoill, trí gháis sceite, cuimilt na mbonn agus torann na n-inneall. Coinnítear cuid bheag i dtaisce trí athruithe fisiceacha i gcrúach nua, plaisteach nó coincreít, ach nuair a briseann siad sin anuas scaoiltear an fuinneamh, de réir rialacha na teirmidinimice. (Deir an chéad dlí den teirmidinimic nach n-athraíonn méid iomlán an fhuinnimh ach go gcaomhnaítear é. Deir an dara dlí go gclaochlaítear fuinneamh go nádúrtha ó fhoirmeacha fóna eagraithe go foirmeacha nach bhfuil chomh fóna ná chomh heagraithe sin.)

Faoi láthair, mar a dúradh thuas, ní mór an fhadhb é an fuinneamh fuíll seo. Ach tá claonadh ag an gcine daonna chun teicneolaíochtaí agus tionscail nua a chumadh, agus dá bhrí sin tagann méadú ar an bhfuinneamh a úsáidimid, d'ainneoin an fheabhais atá ag teacht ar éifeachtúlacht an fhuinnimh sin. Agus tá teorainn leis an éifeachtúlacht.

Le dhá chéad bliain anuas ar a laghad tá úsáid bhliantúil an fhuinnimh ag méadú faoi dhó gach tríocha nó caoga bliain. Ní maith an toradh a bheidh ar aon iarracht níos mó fuinnimh a sholáthar ná mar atá le fáil ó sholas na gréine ar dhromchla an domhain.

Cuireann sé seo in iúl go bhfuil bunshrianta ar a bhféadfaimid a dhéanamh feasta, rud ar deacair le mórán daoine glacadh leis. Fiú má éiríonn linn astaíochtaí díobhálacha a mhaolú, ní féidir linn leanúint orainn ag úsáid níos mó fuinnimh.

¹ https://aeon.co/essays/theres-a-deeper-problem-hiding-beneath-global-warming?utm_source=Aeon+Newsletter&utm_campaign=7ccf005bf2-EMAIL_CAMPAIGN_2023_06_08&utm_medium=email&utm_term=0_-38dd9ec67a-%5BLIST_EMAIL_ID%5D

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Dhá dhán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Roghá* (Coiscéim 2022).

Tórramh

Um thráthnóna tháinig
strainséirí ar an tórramh
ag insint scéalta
faoi chríocha ciana an anama
na héin a imíonn ann
thar éadan na gealaí
is na sprideanna brónacha
is féach an gáire dóite
a d'éalaigh faoi rún
thar bhéal an mhairbh

Eala

An eala dhubh is í fáiscthe
as an oíche
ag snámh ar sholas briste
an dobhair
trí shéasúr na dtaibhreamh
i dtiús iargúlta
an tsuain